# A1 Topaic 5

## 06 Tuairimí

## Éisteacht

2

## 06 Tuairimí

**Le múineadh:**

- Ag fiafraí de dhuine an maith leis caitheamh aimsire áirithe agus an cheist sin a fhreagairt, tuairimí a chur in iúl faoi chaitheamh aimsire

3

## Bileog

### Tuairimí

**Cloisfidh sibh ceathrar ag tabhairt a dtuairimí faoi chineálacha éagsúla caitheamh aimsire. Féach ar na siombailí ag bun na bileoige agus cuir na siombailí cearta sna háiteanna cearta sa tábla.**

| | Niamh | Liam | Aoife | Eoin |
|---|---|---|---|---|
| snámh | | | | |
| teilifís | | | | |
| drámaí | | | | |
| teach tábhairne | | | | |
| ceol | | | | |

4

©GaeilgegoDeo 2023

# Tuairimí

- Cloisfidh tú ceathrar ag tabhairt a dtuairimí faoi chineálacha éagsúla caitheamh aimsire.
- Féach ar na siombailí ag bun na bileoige agus cuir na siombailí cearta sna háiteanna cearta sa tábla.

5

**Na siombailí:**

Is maith liom…✔
Is breá liom…✔✔
Ní maith liom…✘
Is fuath liom…✘ ✘
Níl suim dá laghad agam…----

6

# Tuairimí

| | Niamh | Liam | Aoife | Eoin |
|---|---|---|---|---|
| snámh | | | | |
| teilifís | | | | |
| drámaí | | | | |
| teach tábhairne | | | | |
| ceol | | | | |

7

©GaeilgegoDeo 2023

## Gluais

- *go háirithe* — especially
- *ag an deireadh seachtaine* — at the weekend
- *sa samhradh* — in the summer
- *i rith na seachtaine* — during the week
- *go minic* — often

8

## Tuairimí

- Éist arís uair amháin eile leis an script.

9

## Script - Comhrá 1: Niamh

**Agallóir:** Anois, a Niamh. Cén caitheamh aimsire atá agat?

**Niamh:** Is breá liom dul ag snámh. Is maith liom drámaí agus ceol, popcheol go háirithe. Níl suim dá laghad agam sa teilifís ach is maith liom dul go dtí an teach tábhairne anois is arís.

10

©GaeilgegoDeo 2023

## Script - Comhrá 2: Liam

- **Agallóir:** A Liam, an maith leat ceol?
- **Liam:** Is maith, go háirithe ceol traidisiúnta.
- **Agallóir:** An bhfuil suim agat i ndrámaí?
- **Liam:** Níl suim dá laghad agam i ndrámaí ach is breá liom an teilifís.

11

## Script - Comhrá 2: Liam

- **Agallóir:** Agus cad é faoin teach tábhairne? An maith leat dul go dtí an teach tábhairne?
- **Liam:** Is breá liom dul go dtí an teach tábhairne ag an deireadh seachtaine.
- **Agallóir:** An maith leat bheith ag snámh?
- **Liam:** Ní maith - is fuath liom dul ag snámh

12

## Script - Comhrá 3: Aoife

- **Agallóir:** Cad é fútsa a Aoife? An maith leat a bheith ag snámh?
- **Aoife:** Is maith liom dul ag snámh sa samhradh.
- **Agallóir:** An maith leat an teilifís?

13

©GaeilgegoDeo 2023

## Script - Comhrá 3: Aoife

- **Aoife:** Is breá liom féachaint ar an teilifís ag an deireadh seachtaine. Níl suim dá laghad agam san amharclann agus i ndrámaí.
- **Agallóir:** Agus an maith leat dul go dtí an teach tábhairne?
- **Aoife:** Is fuath liom dul go dtí an teach tábhairne

14

## Script - Comhrá 4: Eoin

- **Agallóir:** Cén caitheamh aimsire atá agatsa a Eoin?
- **Eoin:** Is maith liom féachaint ar an teilifís i rith na seachtaine. Is breá liom drámaí – téim go dtí an amharclann go minic. Is maith liom dul go dtí an teach tábhairne ag an deireadh seachtaine. Níl suim dá laghad agam sa cheol. Ní maith liom dul ag snámh.

15

## Tuairimí

- Tá cóip de na nótaí agus an mp3 le fáil ar mo shuíomh greasáin. Tá an nasc thíos.
- Is féidir leat úsáid a bhaint as an script (sna nótaí) agus an mp3 chun cleachtadh ar do chuid léitheoireacht.
  - Léigh é leis an mp3
  - Léigh amach os ard é gan an mp3

16

©GaeilgegoDeo 2023

## Freagraí - Tuairimí

| | Niamh | Liam | Aoife | Eoin |
|---|---|---|---|---|
| snámh | .✔✔ | .x x | .✔ | .x |
| teilifís | .---- | .✔✔ | .✔✔ | .✔ |
| drámaí | .✔ | ---- | .---- | .✔✔ |
| teach tábhairne | .✔ | .✔✔ | .x x | .✔ |
| ceol | .✔ | .✔ | | .---- |

17

©GaeilgegoDeo 2023